# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Naíonáin Bheaga Chonamara Láir

Táimid ar bís chun fáilte is fiche a chur roimh na Naíonáin Bheaga nua atá tar éis tosú amach ar scoileanna ar fud cheantar Chonamara Láir. Ba mhaith linn ádh mór a ghuí orthú don scoilbhliain nua.



Scoil Náisiúnta an Ard Thiair



Scoil NaMaighdine Muire Gan Smál, Camus


Scoil Naomh Ciarán, Cill Chiaráin



Scoil Mhuire, Carna


Scoil na hÁirde Móire


Scoil Náisiúnta Mhuire, Turlach Beag

# OÍCHE CHULTÚIR 2021

Is ócáid náisiúnta bhliantúil é Oíche Chultúir a thugann ardán do chultúr uathúil na hÉireann- an saibhreas agus an éagsúlacht a bhaineann leis. Tugann an ócáid deis do shaoránaigh na tíre a bheith páirteach in imeachtaí cultúrtha, ealaíona, agus oidhreachta, saor in aisce.





I mbliana, d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta'Cliabhán na n-Ealaíon' ar an 17 Meán Fómhair. Reáchtáladh taispeántas ealaíne le healaíontóirí gairmiúla agus amaitéarach i dtrí ionad áitiúla idir Rosmuc agus Carna.
Chuir Bernie Seoige (sa phictiúir ar dheis) tús leis an ócáid in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, áit a chuir sí cuid dá saothar 'Cosán' ós comhair an phobail. Tugann sí le chéile pictiúr ó Choiscéim an Phiarsaigh agus a saothar nua a dhéanann iniúchadh ar an gcaidreamh idir Pádraig Mac Piarais agus muintir Chonamara agus an bealach a spreag siad é mar scríbhneoir, múinteoir agus ceannaire le linn an athbheochán Cheilteach. I dtionlacann an taispeántas ealaíne, bhí ceol álainn dhá seinm ag Colene Ní Niaidh (barr ar chlé) ar an bhfeadóg stáin agus ar an bhfeadóg mhór. Chuir DD Catering, sólaistí deas ar fáil dúinn.







In sa gCrannóg,chuir an ghrúpa 'Scuab Fhraoigh', a gcuid piciúír álainn os comhair an phobail. Bhí gach saghas pictiúr le feiceáil ann (samplaí taobh thuas) a bhí déanta go hálainn ag na healaíontoiri a thagadh le chéile go seachtainiúl sa gCrannóg roimh an bpandéim, faoi stiúir Gwyen Uí Ghaodhra.
Chuir Tommy Mellot agus Neansaí Ní Choisdealbha gliondar inár gcroíthe leis an gceol breá bríomhar a chuir siad ar fáil dhúinn agus chas Aisling Ní Chonghaile cúpla port ar an bhfidil.

In Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna, chuir muid clabhsúr an an Oiche, áit a sheol Máirtín Ó Cathain agus Máirín Dowd (ar dheis) an taispeantás aláinn dúinn a bhí curtha i láthair don phobal ag Paula Ní Chualáin, Máirín Dowd, Aoife Dowd, Elizabeth Moylan, Alison Coyne, Brendan Ó Suilleabháin & Patrick Sullivan. Bhí réimse leathan ábhair ar na ballaí agus scéalta go leor dhá insint acu. Chuir ceoltóirí aitiúla Mikey Breathnach, Shaunadh Ní Chlochartaigh & Máirtín Ó Cualáin (íochtar ar chlé), ceol breá go hard na spéire. Bhí greadadh tae agus sólaistí reitigh ag Eileen Davis dúinn.



Míle buíochas go gach aon duine a bhí páirteach ar Oíche Cultúir 2021 i gConamara Láir agus go mbeirimid beo an t-am seo aríst!





## Feachtas #ConamaraLáir ar Ghearrliosta Gradam Oireachtais 2021

D'fhógair an tOireachtas ar an 1ú Meán Fómhair an gearrliosta do Ghradaim Cumarsáide an Oireachtais 2021.
Tá áthas ar fhoireann Chonamara Láir é a chuir in iúl don phobal go bhfuil an fheachtas #ConamaraLáir ainmnithe ar an ngearrliosta sa chatagóir feachtas meán sóisialta na bliana. Fógrófar buaiteoirí na nGradam Cumarsáide ag óscáid ar líne le linn Oireachtas na Samhna Dé Céadaoin, 27ú Deireadh Fómhair 2021.



# Cairdeas

## Seirbhísí Pobail i gConamara Láir

**Comhpháirtíocht pobail agus gnó a sheachadadh i gConamara Láir**

**Camus, Rosmuc, Cill Chiaráin, Carna, Caiseal & Sraith Salach**


Gradaim Pobail an Chathaoirligh
The Cathaoirleach's Community Awards
Comhghairdeas le / Congratulations to
CAIRDEAS
Buaiteoir: An Gradam Freagartha Pobail COVID-19 2020
Winner: COVID-19 Community Response Award 2020
Mar gheall ar a sárobair sa réimse sin / For their outstanding work in this area
An Comh. James Charity
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe
16ú Meitheamh / June 2021
Dáta/Date

D'aithin pobal Chonamara Láir an gá i Márta 2020 le seirbhísí riachtanacha a fhorbairt chun déileáil le paindéim Covid 19. Tháinig roinnt gnólachtaí áitiúla agus coistí deonacha le chéile chun seirbhís béilí ar rothaí a fhorbairt i gceantar Carna & Chill Chiaráin. I dtús báire, sheachaid oibreoirí deonach an tseirbhís seo. Rinne Forbairt Chonamara Láir Teo., teagmháil le soláthraithe eile i gConamara Láir, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Údaráis Áitiúla chun an coincheap a fhorbairt. Bhí sé seo tábhachtach chun comhairle agus maoiniú a lorg chun Cairdeas a bhunú.

Príomhchuspóirí Seirbhísí ná:

- Caidreamh a chruthú le daoine aonair agus le teaghlaigh sa phobal
- Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus a chothabháil sa phobal
- A chinntiú go gcaitear le cliaint le dínit agus le meas
- Oibriú i gcomhar le gnólachtaí áitiúla agus le gairmithe cúram sláinte áitiúla chun leanúnach ar seirbhísí a chinntiú

Seibhísí:

- Béilí a sholáthair
- Siopadóireacht á dhéanamh
- Oideas a piocadh suas
- Aireachas, Aolláine, Ióga & Aclaíocht
- Clár um Chuimsiú a fhorbairt tríd imeachtaí agus cúrsaí sóisialta
- Eolas a sholáthair maidir le seirbhísí cúram baile



Ainmníodh agus bronnadh Gradam Chathaoirligh Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Chairdeas. Ba mhór an t-aitheantas é seo don tseirbhís agus don phobal.

# Cliabhán Cultúrtha Chonamata Láir



Ba mhaith linn buíochas ó chroí a glacadh le Neansaí Ní Choisdealbha a chas port álainn ar an bhféadóg mhór le haghaidh sraith Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir na míosa seo. Arís, ba mhaith linn cuireadh agus fáilte a thabhairt do aon dhuine/grúpa a bheadh suim acu físeán a chur inár dtreó. Is féidir féachaint siar ar na físeáin eile ar ár suíomh idirlín- www.conamaralair.ie

# Ionad Breisoideachais Ros Muc

Glinn Chatha, Ros Muc
091 574411 / 086 0653897
mairead.seoige@gretb.ie
www.fetchcourses.ie

## Cúrsa Riarachán Gnó & ECDL

**Siad Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin / GRETB atá ag reáchtáil an cúrsa seo in Ionad Breisoideachais Ros Muc.**

### Cúrsa lán aimseartha VTOS

**Tugann VTOS / An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairm Thraenála deis traenála don té atá dí fhostaithe/ ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh faoi leith. Cúrsa Riarachán Gnó QQI Leibhéal 5 atá dhá reáchtáil faoin scéim. Réitíonn an cúrsa seo duine le dul ag obair, a ngnó féin a thosú nó dul ag déanamh tuilleadh staidéar ag coláistí tríú leibhéal.**

### Ábhair/Modúil

- Cumarsáid
- Taithí Oibre
- Gaeilge
- Próiseáil Focail
- Bunachar Sonraí
- Foilsitheoireacht Deisce
- Ríomhairí Fheidhmeach & Scileanna Teicneolaíocht an Eolais
- Ceadúnas Tiomána Ríomhaireacht Eorpach/ ECDL
- Pá Rolla (Ar an ríomhaire agus le láimh)
- Leabhar Choimeád (Bookkeeping) (Ar an ríomhaire agus le láimh)
- Scileanna Riaracháin Gnó

### Íocaíocht

**Íoctar an íocaíocht leasa shóisialaigh céanna a fhaigheann tú de ghnáth. Má tá tú 25 bliain nó faoi íocfar an uasmhéid íocaíocht leasa shóisialaigh leat. Ní chuirtear isteach ar chártaí leighis nó aon liúntas eile. Gheobhaidh tú liúntas taistil, béile agus leabhraí saor in aisce. Cuirfear suas stampa dhuit an fhad agus atá tú ar an gcúrsa.**

### Creidiúnaí

**Tá na cúrsaí ar fad aitheanta ag QQI (FETAC roimhe seo) ag leibhéal 5. Tá cáilíocht ECDL le fáil freisin. Cáilíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta iad seo a thugann deiseanna fostaíochta nó coinneál ag staidéar ag leibhéal níos airde ag brath air céard atá uait.**
**Tá Seirbhís Treorach Aosoideachais/Career Guidance ar fáil do na foghlaimeoirí chomh maith.**

### Cé atá tuillteanach teacht ar an gcúrsa?

**Aon duine atá os cionn 21 bliain d'aois agus ag fáil na h-íocaíochtaí leasa shóisialaigh seo i leanas ar feadh ar a laghad 6 mhí* atá i dteideal áit a fháil ar an gcúrsa:**
**Sochar/liúntas dífhostaithe (Jobseekers Benefit/Allowance)**
**PUP (Pandemic Unemployment Payment)**
**Íocaíocht tuismitheoir aonarach (Lone Parents Payment)**
**Liúntas / Sochar mí chumais (Disability Payment)**
**Pinsean Baintrigh (Widow's Pension)**
***Nóta: Comhaireann am a chaith duine ar Scéim Fostaíochta Pobail i leith an 6 mhí cáiliú le teacht ar an gcúrsa.**

### Uaireanta

**9.30—2.20 Luan go Aoine. (Tugtar cead imeacht níos luaithe más tuismitheoir thú agus go bhfuil freagrachtaí teaghlaigh ort.) Maireann an cúrsa ar feadh dhá scoilbhliain le gnáth saoire scoile.**







# Peileadóirí den scoth!

Comhghairdeas mór mílteach le: Peil na mBan Carna Caiseal (a bhuach Craobh Sóisir A an Iarthar ar an 18ú Meán Fómhair),
Cárna Caiseal / Na Piarsaigh (Cluiche Ceannais F17) agus leis an bhfoireann Sóisir B a bhuach an chluiche ceannais ar an 26ú Meán Fómhair. Freisin, comhghairdeas leis na cailíní f12 a chuaigh chomh fada leis an gcluiche ceannais ar an 25ú Meán Fómhair. Táimid thar a bheith bródúil as na foirne ar fad agus is léiriú é seo ar an obair chrua a chuireann siad isteach i rith na bliana

# Cliabhán Gnó Chonamara Láir

**Míle buíochas le Donna agus Ed a ghlac páirt i gCliabhán Gnó na míosa seo.**
**D'fhreagair siad ceisteanna faoina ngnó 'The Green Bee' agus an obair iontach agus suimiúil a bhíonn ar siúl acu i gCamus.**
**Is féidir féachaint ar an bhfíseán ar ár suíomh idirlín nó ar Youtube.**
**Ar mhaith leat árdán ar líne agus breis poiblíochta a thabhairt do do ghnó/seribhís ar na meáin shóisialta? Níl ort ach físeán beag a sheoladh chugainn ag freagairt trí cheist bunaithe faoi do ghnó/seirbhís. Cuirfear na físeán ar ár suíomh idirlín agus ar ár n-ardán meáin shóisialta.**
**Tuilleadh eolas le fáil ach teagmháil a dhéanamh le ocpt@conamaralair.ie**

The Green Bee





# Coirnéal Chomhrá-'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Eileen Bairéad, Ball do Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir agus ball do choistí áitiúla eile.

1.Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort? Eibhlín Ní Chonaire.
2.Ainm Baile (e.g. I ndiaidh do mhuintir): Eileen Mhicí Stephen (iníon le Micí Stephen & Máire Thomáis Shabh, Turlach Beag.
3.Ar fhás tú suas in sa ceantar seo? D'fhás mé suas ar an Turlach Beag, agus ag an am ní raibh aon teilifís ann, ach bhí a gcuid jabanna beaga fhéin ag chuile dhuine againn taréis na scoile, m. shampla fataí le piocadh, móin le gróigeadh dul ag an tobar, cúnamh sa ngarraí, cúnamh a thabhairt taobh istigh sa teach, cniotáil, agus buirlini lé déanadh as an mball mór snáithe. Paidrín páirteach le rá chuile oiche agus taréis an phaidrín muid ag foghlaim cniotáil nó fuail, nó ag imirt chartaí. Bheadh comharsanaí ag teacht isteach ar cuairt, agus muid ag éisteacht le scéalta taibhsiúil agus seanchais.
4.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort? Nuair a phós mé fhéin agus Colm Bairéad, thóg muid teach ar thalamh Mhamó agus Daideo, ar an Ros Dubh, san áit a bhfuil conaí orainn anois agus muid breá sásta ann, buíochas le Dia.
5.Céard é an béile is fearr leat? Ronnachaí buí agus fataí.
6.Céard é an boladh is fearr leat? Boladh breá na farraige.
7.Céard é an deoch is fearr leat? Tae lag agus braon uisce.
8.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat? Garradóireacht agus ealaíon.
9.Cén áit a thaitneoidh leat a dhul I gcóir briseadh as Conamara Láir? Ag Seachtain Oireachtas na Gaeilge, ag bualadh le daoine, nach bhfacthas cheanna le píosa.
10.Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann? Sean nós, ceol Gaelach & ceol tíre.
11. Cén saghas clár teilifís/scannán is maith leat? Is maith liom Rós na Rún agus clár ceoil ar nós Ceol Tíre.
12. Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat? Leabhar stair.
13. An noiméad don lá is fearr leat? Chuile noiméad dhó, buíochas a thabhairt do Dhia is do Mhuire go bhfuil sláinte againn, I gcóir lá maith a chuir isteach.
14. An rud is mó a ghoileann ort? Mo chlann a fhéiceál ag imeacht agus mo gharr chlann, briseann sé mo chroí.
15. Aon rud eile ba mhaith leat a chuir leis: Tá go leor imní orm – céard a chuaigh mí-cheart le blianta anuas, easpa fostaíocht, scoileanna I mbaol dúnadh, an óige ag imeacht, droch Infrastruchtúr, b'fhéidir go dteastaíonn uaidh an pobal a theacht iná chéile agus a bheith níos glórmhar, éirí amach!

Comhghairdeas mór le Zara Ní Mhaoilchiaráin a bhuaigh comórtas mhí Mheán Fómhair. Tógadh an pictiúir deas den asal seo i Muighros.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, atá ag déanamh moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir chun do sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan. Fógrófar an téama go luath ar na meáin shóisialta

## Comórtas Grianghrafadóireachta



## Logainm na Míosa

<u>Iorras Beag</u>

'Ior'- Tagann sé ón bhfocal Iarthar
'Ros'-leithinis/peninsula
Mar sin, leithinis beag an iarthair is ea an bhrí atá taobh thiar den logainm seo.

## Seanfhocal na Míosa:

'Is túisce a thiteann oíche Fómhair ná cloch i bpoll móna'

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga-
Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.